An Painéal Saoránach Eorpach maidir leis an bhFuath sa tSochaí a Chomhrac

Achoimre ar Sheisiún 1

[5-7 Aibreán 2024]

I mbeagán focal…

Tús maith tochtmhar a bhí sa chéad seisiún

Conas is féidir an méadú ar an bhfuath sa tsochaí a mhíniú? Cad is cúis leis? Agus conas is féidir linn é a chomhrac le chéile? Thar thrí dheireadh seachtaine, féachfaidh 150 saoránach den Aontas, a roghnaíodh go randamach agus a dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach le chéile iad, leis na ceisteanna crua seo a fhreagairt. Ar deireadh cuirfidh na saoránaigh sraith moltaí isteach a úsáidfear mar bhonn eolais d'obair an Choimisiúin Eorpaigh agus é ag forbairt straitéisí chun an fuath a chomhrac.

Reáchtáladh an chéad seisiún den Phainéal Saoránach nua seo idir an 5 agus an 7 Aibreán sa Bhruiséil. Tháinig saineolaithe agus baill den tsochaí shibhialta le chéile chun a dtaithí agus a gcuid eolais faoin topaic a roinnt thar 3 lá. Ba é ab aidhm leis an gcéad deireadh seachtaine seo tuiscint níos fearr a fhorbairt ar an bhfuath agus ar a thionchar ar dhaoine agus ar ár sochaí. Thug rannpháirtithe ó na 27 mBallstát a gcomhthéacs náisiúnta agus cultúrtha féin leo chuig an bplé, chomh maith lena dtaithí phearsanta. Mar gheall ar na tuairiscí tochtmhara agus ionraice sin bhí an Painéal seo go hiomlán éagsúil leis na cinn eile a chuaigh roimhe.

Cad is féidir linn a fhoghlaim ón gcéad seisiún

Lá 1: Tuiscint a fháil ar chomharthaí fuatha

"*Is é an aidhm atá againn páirt sa díospóireacht pholaitiúil a thabhairt duit ó thús*," a dúirt Dana Spinant, an tArd-Stiúrthóir ar Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide (AS COMM), agus í ag cur fáilte roimh na saoránaigh Dé hAoine.

"*Bainfidh éagsúlacht na bhfreagraí, agus a dheacra atá na ceisteanna, stangadh asaibh*," a dúirt Colin Scicluna, Ceann *Cabinet* an Leas-Uachtaráin Dubravka Šuica. Leoga, dar le Ana Gallego Torres, an tArd-Stiúrthóir ar an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, is féidir ionchur ó shaoránaigh a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an bhfuath. "*Tá bhur dtuairimí ag teastáil uainn chun bheith in ann smaoineamh ar na rudaí seo ó dhearcthaí éagsúla. San Aontas Eorpach tá meas ar chearta daonna agus ar dhaoine atá ina mball de mhionlaigh. Táimid ag iarraidh tuairim gach duine a urramú, sin ár gconradh sóisialta agus sin an tsaintréith Eorpach*".

Phléigh an Painéal gnéithe éagsúla den fhuath le comhaltaí den Choiste Eolais – gnéithe síceolaíocha, socheolaíocha agus dlíthiúla.

Tá níos mó i gceist le fuath ná smaoineamh...

Dar le Manos Tsakiris, Ollamh le Síceolaíocht in Ollscoil Londan, ceann de na dúshláin atá romhainn is ea a fháil amach 'cén fáth' a mothaímid fuath, go háirithe trí fheasacht mhothúchánach. Luaigh Arun Mansukhani, síceolaí cliniciúil arb é an tráma síceolaíoch an speisialtóireacht atá aige, go dtugaimid sainmhíniú orainn féin trínár gcaidreamh le grúpaí eile, trí idirdhealú a dhéanamh orainn féin. Déanann an t-idirdhealú sin forbairt ar chlaontachtaí éagsúla, agus is féidir leis a bheith ina chúis le leithcheal ar dhaoine eile.

Is rud sistéamach é an fuath

Labhair Jelena Jovanovic, comhordaitheoir an idirghrúpa um an bhfrithchiníochas agus um an éagsúlacht i bParlaimint na hEorpa, faoin stiogmatú a rinneadh uirthi mar dhuine de bhunadh Romach. Leag Federico Faloppa, Ollamh le Sochtheangeolaíocht in Ollscoil Reading, béim ar an ról criticiúil atá ag an teanga sa dearcadh atá againn ar an saol. Tá ár dteanga laethúil lán le frásaí a chothaíonn an fuath: idir mhaslaí ciníocha follasacha, mheafair dhídhaonnaithe, agus fhrásaí a bhfuil cuma neamhurchóideach orthu ach atá cealgach: treisíonn na frásaí sin an dearcadh deighilteach sin, 'sinne' in aghaidh 'iadsan'.

Cad iad na freagraí dlíthiúla?

Thug Nesrine Slaoui, iriseoir neamhspleách agus údar a dhíríonn ar na meáin shóisialta, aghaidh ar an léiriú fuatha mar fheiniméan domhanda a sháraíonn aicmí sóisialta. Leag sí béim ar chultúr an idirlín, go háirithe an chibearbhulaíocht, agus ceist na gclaontachtaí algartamacha a dhéanann aithris ar idirdhealuithe na sochaí. Ó thaobh an dlí de, rinne Daris Lewis-Recio, Oifigeach Dlíthiúil agus Beartais ag EQUINET (Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais Náisiúnta) scrúdú ar choireanna fuatha agus ar thearcthuairisciú na gcoireanna sin. Is bagairt shuntasach an treocht scanrúil sin ar an tsláine dhaonlathach.

Lá 2: Cúiseanna an fhuatha a shainmhíniú

Ar an Sathairn, roinneadh na saoránaigh ina 12 ngrúpa bheaga chun plé a dhéanamh ar phríomhchúiseanna an fhuatha sa tsochaí chomhaimseartha. Cé go bhfuil ábhar gach plé faoi rún, léiríonn an achoimre seo a leanas príomhfhachtóirí, agus fachtóirí a fheictear arís agus arís eile, a tháinig aníos sna grúpaí.

An Gá a bheith i do Chuid de Ghrúpa, agus an Eagla roimh Rudaí Anaithnide

Is gné bhunúsach de nádúr an duine í an mhian nádúrtha a bheith i do chuid de ghrúpa sóisialta. An leithlisiú, arb é an t-uaigneas is cúis leis, eachtraí trámacha san óige, tógáil, agus eispéiris ghinearálta saoil, is nithe iad sin ar féidir leo coimhthíos a chothú. Chonacthas le linn phaindéim COVID-19 gur féidir leis an eagla roimh rudaí anaithnide agus leis an leithlisiú méadú a dhéanamh ar mhothúcháin scoiteachta, rud a bhrúnn daoine i dtreo idé-eolaíochtaí míchuibheasacha agus riosca radacaithe, nithe a chothaíonn naimhdeas le daoine eile. Ina theannta sin, ní hamháin gur treise an leochaileacht do dhaoine a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu, ach méadaíonn stádas mar sin

na hábhair imní atá orthu, go háirithe i gcás imirceach agus daoine a bhaineann le grúpa mionlaigh, rud a chuireann le fáinne fí eisiaimh agus fuatha.

Ról na bPolaiteoirí agus na nDioscúrsaí Polaitiúla

Tá ról suntasach ag polaiteoirí maidir le fuath a chothú, agus is minic nach bhfreastalaíonn siad go cuí ar riachtanais na ngrúpaí mionlaigh agus a chuireann siad naimhdeas ina leith chun cinn. Dúshlán casta is ea dioscúrsaí náisiúnacha agus pobalacha i roinnt tíortha, fiú mura bhfuil siad chomh feiceálach céanna i ngach Ballstát. Is uirlis úsáideach í an fhuathchaint do pholaiteoirí chun a gcuid aidhmeanna a chur chun cinn, a gcuid uaillmhianta toghcháin san áireamh, rud a dhéanann róshimpliú ar an dioscúrsa polaitiúil. Feictear sa lá atá inniu ann go bhfuil an fhuathchaint ag éirí níos coitianta, rud a mhéadaíonn an t-aineolas agus an eagla atá ar go leor saoránaigh den Aontas Eorpach roimh rudaí anaithnide. Dá bharr sin déantar an tsochaí a dheighilt níos mó agus cuirtear leis an scoilteadh.

An Chibearbhulaíocht, an Anaithnideacht agus an Mhífhaisnéis ar na Meáin Shóisialta

Tá ról ríthábhachtach ag an anaithnideacht a thugann ardáin shóisialta maidir le scaipeadh na fuathchainte. Tá dhá ról ag na líonraí sin: mar chainéil le haghaidh mífhaisnéise agus bréagaisnéise, agus steiréitíopaí a scaipeadh, go háirithe i gcoinne na mban, agus is déimeagrafach iadsan a ndéantar ciapadh suntasach orthu ar líne. Is minic daoine óga, agus iad ag iarraidh a bheith ina bpáirt de ghrúpa, ina rannpháirtithe i bhfuathchaint agus ciapadh ar líne, agus is minic gur íospartaigh na fuathchainte agus an chiaptha iad freisin. Mar bharr ar an dúshlán a bhaineann le déileáil le faisnéis bhréagach agus faisnéis gan deimhniú, cruthaíonn claontachtaí algartamacha bothanna macallaí, nó bolgáin, ina n-athluaitear ár dtuairimí linn, rud a fhágann gur lú teagmhála a bhíonn againn le dearcthaí éagsúla.

Neamhionannais Eacnamaíocha agus Shóisialta mar Chúis leis an bhFuath

Tá an cor chun donais eacnamaíoch agus neamhionannais shocheacnamaíocha ina phríomhchúis le géarú an fhuatha, agus dá réir sin mothaíonn daoine áirithe díchumhachtaithe. Míshástacht ghinearálta, maille leis an mbraistint go bhfuil ualach iomarcach den ghéarchéim á iompar ag an meánaicme, agus cáin iomarcach á gearradh orthu, is nithe iad sin a chothaíonn doicheall. D'fhéadfadh an doicheall sin tiontú ina fhuath a bheadh dírithe ar ghrúpaí éagsúla, mar shampla polaiteoirí a mheastar nach bhfuil éifeachtach, gnólachtaí móra, agus imircigh.

Oidhreacht Chultúrtha agus Stairiúil, agus a Seachadadh

An drochamhras ar a chéile, ní fadhb sheachtrach amháin é sin, tá sé fite fuaite i sochaithe na hEorpa, agus cothaíonn sé scoilteanna. In áit meas ar an éagsúlacht cultúr a chur chun cinn, tá claonadh ann an drochamhras atá againn ar a chéile a thabhairt ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Is minic is fusa claonadh i dtreo an drochamhrais ná glacadh leis an duine 'eile': tá sraitheanna ár n-oidhreachta lán le scéalta stairiúla ina bhfuil coinbhleachtaí, mar shampla cogaí, agus cuirimid eolas ar an oidhreacht sin ar bhealaí éagsúla: oideachas foirmiúil, seanchas teaghlaigh, agus bolscaireacht pholaitiúil. Is féidir leis na scéalta sin ár ndearcadh agus ár meon a mhúnlú, agus uaireanta déanann siad deighiltí a threisiú seachas a dhúnadh. Sa lá atá inniu ann is léir nach bhfuiltear spreagtha go leor chun sainmhíniú a thabhairt ar an rud a nascann saoránaigh Eorpacha le chéile.

Lá 3: Comhroinnt agus fianaise a thabhairt

Ar an Domhnach tháinig cúigear cainteoirí chun fianaise a thabhairt os comhair an 150 saoránach faoin leithcheal a rinneadh orthu mar gheall ar an áit arb as dóibh, ar a n-inscne, ar dhath a gcraicinn, ar a gcreideamh, nó ar mhíchumas fisiceach.

Seo cúpla sliocht as na scéalta sin: “*Tá sé ríthábhachtach dearcadh suibiachtúil ar an bhfuath a ghlacadh chun an bunfhoréigean a léiríonn sé a nochtadh. Is féidir leis an gcur chuige sin ár dtuiscint a dhoimhniú ach treoraíonn sé sinn freisin agus sinn ag ceapadh réitigh éifeachtacha chun deireadh a chur leis an bhfuath,*” Nesrine Slaoui, Iriseoir agus údar

“*Is minic a bhíonn ar dhaoine faoi mhíchumas cur suas le míthuiscint, agus nach thugann údaráis inniúla aird orthu. [...] Tá sé ríthábhachtach an chaoi a ndearcaimid ar an míchumas agus an chaoi a labhraímid faoi a athrú chun sochaí atá níos cuimsithí agus níos measúla a chur chun cinn,*” Kamil Goungor, Oifigeach Tacaíochta Beartais agus Gluaiseachta ag an nGréasán Eorpach um Maireachtáil Neamhspleách.

“*Cuimsíonn an frithsheimíteachas iompar bagrach agus dúnmharú cinnte, ach is speictream é ina n-áirítear steiréitíopaí, claontachtaí, agus dioscúrsa maslach. Cothaíonn sé uaigneas domhain, agus dá bharr sin cúbann daoine fúthu agus is fainne fí é sin.*” Sacha Guttmann, iar-uachtarán Aontas na Mac Léinn Giúdach sa Bheilg (UEJB) (2019-2023).

“*Tá an cineál sin ciníochais ann le blianta fada, ó bhí ré an choilíneachais ann, tráth a rinneadh saibhreas don Eoraip, do na Stáit Aontaithe, agus don Mheánoirthear. Is rómhall ar fad a athraíonn meon na ndaoine. (...) D’ainneoin an mhéid sin ar fad, tá dóchas agam, toisc go bhfuil sibhse anseo, agus go mbeidh sibh i bhur gcomhghuaillithe againn.*” Mireille Tsheusi-Robert, údar Beilgeach, traenálaí agus taighdeoir comhlach

“*Fiú mura n-éirí linn an domhan idéalach saor ó fhuath a chruthú, is féidir linn domhan a chruthú nach dtugtar tús áite ann don eisiamh agus don fhuath, domhan inar féidir deireadh a chur leis an eisiamh.*”, Fabian Wichmann, ina aitheasc scoir mar chomhalta d’fhoireann EXIT Germany, do dhaoine atá ag iarraidh an eite fhíordheis a fhágáil.

“*Ceistimis an méid nach bhfuil a fhios againn nach bhfuil ar eolas againn*”, sin an dúshlán a thug Robin Sclafani, stiúrthóir feidhmiúcháin CEJI. Bhí an méid seo le rá ag Tommaso Chiamparino, Oifigeach Beartais, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí (AS JUST), ar chlabhsúr na

maidine tochtmhaire: “*Tá dul chun cinn déanta againn: bhí rudaí ina gcíor thuathail roimhe, ach mothaímid go bhfuil cúrsaí i bhfad níos fearr anois... coinnímis orainn ag obair*!”.

Cliceáil anseo chun féachaint ar thaifead sheisiún iomlánach an Domhnaigh!

Ceisteanna agus Freagraí le Petra (19), ón Ungáir

Cén fáth a nglacfadh duine páirt sa Phainéal seo?

“Bhí leisce orm teacht ar dtús, bhí amhras orm faoin ócáid, ach d’aithin mé ansin gur dheis iontach a bhí ann mé féin a chur in iúl agus mo chuid tuairimí a roinnt. Is Giúdach mé agus san Ungáir tá go leor frithsheimíteachais ann, tá daoine áirithe ann atá ciníoch agus frith-LADTA+ gan náire, agus bhí mé ag iarraidh labhairt faoi chúrsaí i mBúdaipeist, an áit arb as dom.”

Conas d’éirigh leis na malartuithe?

“Sa mheitheal ina raibh mise, bhí daoine ón Ungáir, ó Éirinn, ón bhFrainc agus ón bPolainn. Phléamar mar atá cúrsaí san Ungáir, agus bagairtí ar mhná agus ar dhaoine eile ar na meáin shóisialta. Ar na meáin shóisialta, léirítear mná ar bhealach nach bhfuil ag teacht leis an bhfírinne, agus bíonn orthu cur suas leis an rud a shamhlaíonn an tsochaí le mná, nó an chaoi ar cheart dóibh iad féin a iompar, agus tá sin an-deacair.”

Cad é buaicphointe an deireadh seachtaine a bhí agat?

“Bhí teistiméireachtaí an Domhnaigh an-chumhachtach, go háirithe teistiméireachtaí Mireille agus Sacha maidir leis an gciníochas agus leis an bhfrithsheimíteachas, a bhí an-tochtmhar agus a chuaigh go mór i bhfeidhm orm. Is spás idirnáisiúnta an Painéal, áit a ndéantar ionadaíocht ar gach náisiúntacht de chuid an Aontais, áit ar féidir tuiscint a fháil ar dhearcthaí agus tuairimí éagsúla, agus foghlaim uathu. Tá sé fíorthábhachtach foghlaim óna chéile, leanúint ag tabhairt tuairimí isteach, agus ag tabhairt cluas do dhearcthaí eile maidir leis an bhfuath”.

An deireadh seachtaine trí shúile Sylvain

Is éascaitheoir grafach é Sylvain, agus coinníonn sé taifead físiúil ar fhorbairt an phlé ag an bPainéal. Tá léargas thíos ar a thuairimí faoi sheisiún iomlánach an Domhnaigh:

IGNORANCE AND FEAR
LACK OF CRITICAL THINKING
NEED TO BELONG TO A GROUP
RULES / LEGISLATION FOR SOCIAL MEDIA
EDUCATION!
EDUCATION!
EDUCATION!
IMPACT OF ECONOMIC SITUATION IN THE DIFFERENT E.U. COUNTRIES
SHARING PERSONAL STORIES IN SCHOOLS
USE OF A.I.
SCHOOL UNIFORMS TO PREVENT BULLYING BASED ON CLOTHING

Meabhrúchán: Cuspóirí na dtrí sheisiún

- **Seisiún 1, 5-7 Aibreán**: Comhthuiscint a fhorbairt ar an bhfuath agus ar raon feidhme an Phainéil Saoránach. Mothúcháin agus braistintí a bhaineann leis an bhfuath a chíoradh, mar shampla trí chomhroinnt le cainteoirí seachtracha, éisteacht le teistiméireachtaí, agus plé le saineolaithe. Cúiseanna an fhuatha a shainaithint, chomh maith le réimsí gníomhaíochta lena bhféadfaí an fuath sa tsochaí a chomhrac.

- **Seisiún 2, 26-28 Aibreán**: Agus iad ag tógáil ar an obair a rinneadh i seisiún 1, forbróidh na saoránaigh smaointe maidir le fadhb an fhuatha sa tsochaí a chomhrac. Is féidir a mheas gur dréachtmholtaí iad na smaointe sin.

- **Seisiún 3, 17-19 Bealtaine**: Déanfaidh na saoránaigh na smaointe agus na moltaí sin a mhionchoigeartú le tacaíocht ó éascaitheoirí seanbhunaithe, daoine acmhainní ón tsochaí shibhialta agus saineolaithe ábhair. Ar deireadh, iompófar na smaointe sin ina mholtaí críochnaitheacha maidir leis an bhfuath a chomhrac san Eoraip.